

Téarmaí Seirbhíse eCourt™

Teicneolaíocht PDF arna cumhachtú ag PDFNet SDK ó PDFTron

DÁTA ÓNA dTAGANN SÉ INGNÍOMH: 01 Meán Fómhair 2018.

Rialaíonn na “Téarmaí Seirbhíse” seo a leanas an úsáid a bhainfidh tú as Bogearraí eCourt agus bogearraí gaolmhara (“an tSeirbhís”) arna cur ar fáil ag eCúirt Teoranta (“eCúirt”):

1. CEADÚNAS TEORANTA & ÚSÁID NA SEIRBHÍSE

Deonaítear duit ceadúnas teoranta neamh-eisiach neamh-inaistrithe chun rochtain a bheith agat ar an tSeirbhís agus úsáid a bhaint aisti. Tá úinéireacht eisiach eCúirt, faoi réir na gcomhaontuithe ceadúnais a bhfuil sí ina páirtí díobh, i ngach ceart, teideal agus leas sa tSeirbhís arna ceadúnú duit, lena n-áirítear úinéireacht sna Cearta Maoine Intleachtúla uile agus san Fháisnéis Rúnda a bhaineann leo, faoi réir na gceart sainráite agus na bpríbhleáidí sainráite arna ndeonú duit faoin gcomhaontú seo agus faoina réir sin amháin.

Ní dhéanann eCúirt athbhreithniú nó réamhscáileánú ar inneachar na sonraí leictreonacha a uaslódáiltear chuig an tSeirbhís (“Inneachar”) agatsa nó ag Úsáideoirí Údaraithe eile (mar a shainmhínítear thíos), agus ní éilíonn eCúirt cearta maoine intleachtúla ar bith i ndáil leis an Inneachar.

Aontaíonn tú gan rochtain ar an tSeirbhís, nó aon chuid di, a atáirgeadh, macasamhail a dhéanamh di, nó í a chóipeáil, a dhíol, a athdhíol nó a shaothrú, nó sin a dhéanamh maidir le leas a bhaint as an tSeirbhís, nó aon chuid di, gan cead sainráite i scríbhinn ó eCúirt.

Aontaíonn tú an léitheoir PDF sa tSeirbhís a úsáid mar dhlúthchuid den tSeirbhís agus mar sin amháin agus gan é a úsáid ar mhaithe le forbairt, tiomsú, dífhabhtú nó feidhmeanna am-dheartha comhchosúla nó ar mhaithe le hais-tiomsú nó díthiomsú, anailísiú, ais-innealtóireacht, ais-díolaim nó dídhíolaim, díghlasáil nó ar bhealach ar bith eile le tabhairt faoin gcód foinseach nó bun-algartaim an léitheora PDF nó na Seirbhíse a aimsiú nó tabhairt faoi aon cheann de na nithe réamhráite maidir le Cód Aidhme an Léitheora PDF nó na Seirbhíse.

Aontaíonn tú gan an léitheoir PDF nó an tSeirbhís a chóipeáil, a mhodhnú, a thraschur, a aistriú, ais-innealtóireacht a chur ag obair ina leith, a oiriúnú nó cur isteach ar chaoi ar bith eile ar an léitheoir PDF nó ar an tSeirbhís, nó aon oibreacha díorthacha díobh a chruthú nó an léitheoir PDF nó an tSeirbhís a chumasc isteach in aon bhogearra eile nó in aon chóip, oiriúnú, tras-scríobh, nó aon chuid chumaiscthe díobh sin.

Aontaíonn tú gan suíomh idirlín eile a mhodhnú le cur i gcéill go bréagach go mbaineann sé leis an tSeirbhís, le eCúirt nó le Mirrordocs Limited.

Aontaíonn tú gan leas a bhaint as an tSeirbhís ar aon chaoi a d’fhéadfadh cur isteach ar chóipcheart, ar chosaint shonraí nó ar chearta maoine intleachtúla nó ar aon chaoi atá mídhleathach, colúil, bagrach, clúmhilleach, pornagrafach, gáirsiúil nó mar shárú ar na Téarmaí Seirbhíse seo.

Aontaíonn tú gan leas a bhaint as an tSeirbhís chun cód nó ábhar ar bith atá lotmhar nó mailíseach a uaslódáil, a phostáil, a óstáil, nó a tharchur.

Cosnaítear an tSeirbhís ag dlíthe cóipchirt na hÉireann, na hEorpa agus ag dlíthe agus conarthaí idirnáisiúnta cóipchirt, chomh maith le dlíthe agus conarthaí eile. Seachas an ceadúnas neamh-eisiach a dheonaítear de bhun an Chomhaontaithe seo, admhaíonn tú agus aontaíonn tú go bhfanfaidh gach úinéireacht, ceadúnas, maoin intleachtúil agus gach ceart eile agus gach leas eile sa tSeirbhís agus chun na Seirbhíse, le eCúirt amháin.

Meastar go admhaíonn tú agus Úsáideoirí Údaraithe a bhaineann leas as an tSeirbhís chun Inneachar áirithe a roinnt nó a chur ar fáil, agus meastar go n-aontaíonn sibh dá réir gur ortsa agus ar do chuid úsáideoirí údaraithe amháin atá an fhreagracht maidir le rochtain ar an Inneachar.

Forchoimeádann eCúirt an ceart chun gné ar bith a bhaineann leis an tSeirbhís a leasú nó a scor go sealadach nó go buan ag am ar bith agus ó am go ham ar fógra nó gan fógra. Is ionann leanúint le húsáid na Seirbhíse tar éis leasú ar bith uirthi agus glacadh leis an leasú sin.

Forchoimeádann eCúirt an ceart chun rochtain ar an tSeirbhís a chur ar fionraí go sealadach le haghaidh cuspóirí oibríochtúla, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, cothabháil, deisiú nó uasghráduithe a shuiteáil, agus déanfaimid ár ndícheall fógra réasúnach a thabhairt roimh aon fhionraíocht dá leithéid.

Fanfaidh do chuid oibleagáidí faoin gComhaontú seo i bhfeidhm chomh fada agus a leanann tú i seilbh na Seirbhíse nó á húsáid, agus is chun tairbhe eCúirt a bheidh na hoibleagáidí sin, agus de réir mar a bhaineann sé le hábhar chun PDFTron Systems Inc., agus beidh a leithéid infhorfheidhmithe ag PDFTron Systems Inc. mar tairbhí tríú páirtí i do choinne.

2. ROCHTAIN AR AN tSEIRBHÍS

Ceadaítear duit rochtain a bheith agat ar an tSeirbhís agus í a úsáid más Úsáideoir Údaraithe thú agus sna cúinsí sin amháin. Ciallaíonn "Úsáideoir Údaraithe" síntiúsóir aonair nó páirtneír, baill, fostaithe, fostaithe sealadacha, agus conraitheoirí eagraíochta a bhfuil síntiús aici chun na Seirbhíse ("Síntiúsóir"). Ní foláir d'Úsáideoirí Údaraithe a n-ainmneacha de réir dlí ina n-iomláine a thabhairt chomh maith le seoladh ríomhphoist bailí, agus aon eolas eile a iarrann an tSeirbhís.

Cuirfear ar fáil do gach Úsáideoir Údaraithe aitheantóir uathúil chun rochtain a fháil ar an tSeirbhís agus í a úsáid ("Ainm Úsáideora"). Is é an tÚsáideoir Údaraithe a shannfar an tAinm Úsáideora sin dó/di, agus é/í sin amháin a bhainfidh leas as an Ainm Úsáideora sin, agus ní roinnfear é le haon duine eile agus ní bhainfidh aon duine eile leas as, Úsáideoirí Údaraithe eile san áireamh.

Tá toirmeasc agus dianchosc ar gach rochtain ar an tSeirbhís agus ar í a úsáid de bhun modhanna meicniúla, modhanna cláir, modhanna róbataice, modhanna scriptithe nó aon mhodh uathoibríche eile nach gcuirtear ar fáil mar chuid den tSeirbhís.

Féadfaidh eCúirt síntiús thrialacha nó síntiús saor in aisce a thairiscint don tSeirbhís arna maoiniú ag fógraíocht. Forchoimeádann eCúirt an ceart chun síntiús dá leithéid a mhodhnú, nó a scor, go sealadach nó go buan, ag am ar bith, ar fógra nó gan fógra. Ní dhéanfaidh Úsáideoirí Údaraithe a bhaineann leas as síntiús saor in aisce fógraíocht a bhlocáil.

3. SLÁNDÁIL NA bhFOCAL FAIRE

Beidh Úsáideoirí Údaraithe freagrach as slándáil a gcuid Ainmneacha Úsáideora agus a gcuid focal faire, nó cód ar bith eile a bhaineann leis an tSeirbhís atá ar eolas acu a chosaint, agus as cruinneas agus leordhóthanacht an eolais phearsanta a chuirtear ar fáil don tSeirbhís.

Cuirfidh Úsáideoirí Údaraithe i bhfeidhm beartais agus nósanna imeachta chun úsáid neamhúdaraithe ainmneacha úsáideora a chosc, agus cuirfidh siad in iúl do eCúirt go pras, má bhíonn amhras orthu gur cailleadh ainm úsáideora nó gur goideadh é, gur cuireadh i mbaol é, nó gur baineadh mí-úsáid as.

4. ÍOCAÍOCHT, AISÍOCAÍOCHTAÍ AGUS ATHRUITHE SA CHUNTAS

Ní eiseofar aisíocaíocht nó creidmheas as páirt-úsáid seirbhíse, nó aisíocaíocht as uasghrádú/íosghrádú, nó aisíocaíocht as úsáid le cuntas gníomhach. Ní ghearrtar aon táille as cuntas a chur ar ceal.

Tá gach praghas faoi réir athrú ar fógra. Féadfar a leithéid d'fhógra a thabhairt le teachtaireacht ríomhphoist chuig an Úsáideoir Údaraithe, nó mar fhógra ar an tSeirbhís.

5. CEALÚ AGUS FOIRCEANNADH

Is iad na hÚsáideoirí Údaraithe amháin atá freagrach as a gcuntas a chur ar ceal. Féadfaidh Úsáideoirí Údaraithe a gcuntas a chealú ag am ar bith ach teagmháil a dhéanamh le eCúirt.

Tá an ceart ag eCúirt dá lánrogha féin soláthar na Seirbhíse chuig Úsáideoir Údaraithe ar bith a chur ar fionraí nó a scor gan fógra as gan déanamh de réir na dTearmaí Seirbhíse seo agus an tá ceart aici aon leigheas dlíthiúil atá ar fáil di a lorg. Agus cuntas ar ceal nó foirceanta, scriosfar gach sonra a bhaineann le cuntas dá leithéid ar an bpointe boise den tSeirbhís agus go buan.

6. BARÁNTA TEORANTA AGUS TEORANNÚ DLITEANAIS

Cuirtear an tSeirbhís ar fáil ar bhonn "mar atá" agus "mar atá ar fáil" agus séanann eCúirt go sainráite gach baránta, lena n-áirítear barántaí i ndáil le indíoltacht, marthanacht, nó oiriúnacht i gcomhair feidhm ar leith. Ní thugann eCúirt, a cuid cleamhnaithe, nó aon oifigeach, stiúrthóir, fostaí, fo-chonraitheoir, gníomhaire, comharba, nó sannaí de chuid eCúirt nó de chuid a cleamhnaithe, baránta:

- (a) go gcomhlíonfaidh an tSeirbhís aon riachtanas ar leith;
- (b) go mbeidh an tSeirbhís gan briseadh, in am, slán, nó saor ó earráidí;
- (c) go mbeidh na torthaí a fhaightear ón tSeirbhís a úsáid cruinn nó iontaofa;
- (d) go mbeidh caighdeán aon táirge, aon seirbhíse, aon eolais, nó aon ábhair eile a cheannófar nó a fhaightear tríd an tSeirbhís de réir mar a bhíodhas ag súil leo; nó
- (e) go gceartófar earráid ar bith sa tSeirbhís.

Ní bheidh eCúirt, a cuid cleamhnaithe, nó aon oifigeach, stiúrthóir, fostaí, fo-chonraitheoir, gníomhaire, comharba, nó sannaí de chuid eCúirt nó de chuid a cleamhnaithe, faoi dhliteanas i ndáil le haon damáistí, díreach, indíreach, teagmhasach, speisialta, iarmhartach nó eiseamláireach, lena n-áirítear iad seo a leanas gan a bheith teoranta dóibh, damáistí as cailteanas brabúis, cailteanas deamhéine, cailteanas usáide, cailteanas sonraí nó as aon chailteanas doláimhsithe eile (fiú má bhíonn foráileamh tugtha do eCúirt i ndáil le féidearthacht a leithéide de dhamáiste), a éiríonn as:-

- (a) úsáid na Seirbhíse nó neamhábaltacht an tSeirbhís a úsáid;
- (b) costas earraí ionadacha agus/nó seirbhísí ionadacha a fháil mar thoradh ar aon earraí, sonraí, eolas nó seirbhísí arna gceannach nó arna bhfáil nó teachtaireachtaí arna bhfáil, nó idirbhearta arna ndéanamh tríd an tSeirbhís nó uaithe;
- (c) aon rochtain neamhúdaraithe ar tharchur nó ar Inneachar Úsáideora Údaraithe nó athrú neamhúdaraithe ar a leithéid;
- (d) aon athrú sa phraghas, fionraíocht nó scor a bhaineann leis an tSeirbhís;
- (e) aon chailteanas Inneachair, sárú slándála, modhnú i leith feidhme nó i leith na Seirbhíse féin;
- (f) aon chailteanas Inneachair tar éis go ndéantar síntiús don tSeirbhís a chealú nó a fhoirceannadh;
- (g) ráitis nó iompraíocht de chuid tríú páirtí ar bith ar an tSeirbhís nó ar an Inneachar; nó
- (h) aon ní eile a bhaineann leis an tSeirbhís.

Beidh dliteanas eCúirt duit as cliseadh na Seirbhíse teoranta don méid a d'íoc tú as an Táirge faoi Cheadúnas a chur ar ais chugat.

7. ILGHNÉITHEACH

Ní chuirtear tacaíocht theicniúil ar fáil ach d'Úsáideoirí Údaraithe amháin agus trí chomhfhreagras ríomhphoist amháin.

Admhaíonn tú agus aontaíonn tú go bhféadfaidh eCúirt leas a bhaint as díoltóirí tríú páirtí agus as páirtneírí óstála chun na crua-earraí riachtanacha, na bogearraí riachtanacha, an líonrú riachtanach, an stóráil riachtanach, agus an teicneolaíocht ghaolmhar is gá chun an tSeirbhís a reáchtáil a sholáthar.

Admhaíonn tú agus aontaíonn tú go bhféadfar go dtraschuirfear go neamhchriptithe próiseáil teicniúil agus traschur sonraí a bhaineann leis an tSeirbhís agus go mbainfidh sé sin le : (a) traschur thar líonraí éagsúla; agus (b) athruithe le hoiriúnú agus le bheith de réir riachtanais theicniúla líonraí nasctha agus gairis nasctha.

Ní hionann cliseadh eCúirt aon fhoráil de seo a chur i bhfeidhm agus tarscaoileadh i ndáil leis an bhforáil sin nó tarscaoileadh i ndáil leis an bhforáil sin a chur i bhfeidhm níos déanaí, agus ní fhorléireofar cliseadh dá leithéid mar sin.

Is ionann na Téarmaí Seirbhíse seo agus iomlán an chomhaontaithe idir tú féin agus eCúirt agus rialaíonn siad an úsáid a bhainfidh tú as an tSeirbhís, agus glacann siad ionad aon chomhaontuithe roimhe seo idir tú agus eCúirt (lena n-áirítear aon sean-leagan de na Téarmaí Seirbhíse gan a bheith teoranta dá leithéid).

Faoin gceadúnas seo chun rochtain a fháil ar an tSeirbhís, ní ceadmhach duit do chearta a shannadh nó do chuid dualgas a tharmligean gan cead i scríbhinn roimh ré ó eCúirt agus bainfidh na forálacha a leagtar amach sa cheadúnas seo *mutatis mutandis* le haon sannaí ceadaithe nó le haon tarmligthí ceadaithe.

Rialófar na Téarmaí Seirbhíse seo ag dlíthe Phoblacht na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh agus forléireofar iad dá réir.

Tá teicneolaíocht PDF na Seirbhíse arna cumhachtú ag PDFTron SDK cóipcheart © PDFTron™ Systems Inc., 2001-2019, agus arna dáileadh ag eCúirt Teoranta (t/m eCourt) faoi cheadúnas. Gach ceart ar cosaint.